Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14263/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0357(NLE)**

**ENV 1131**
**CLIMA 480**
**MED 34**
**ONU 78**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 586 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (‘Coinbhinsiún Barcelona’) a mhéid a bhaineann le Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 586 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 586 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2023
COM(2023) 586 final

2023/0357 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (‘Coinbhinsiún Barcelona’) a mhéid a bhaineann le Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 23ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (‘Coinbhinsiún Barcelona’) agus na Prótacail a ghabhann leis i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar thrí Phlean Réigiúnacha nua (Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh) faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara agus na Prótacail a ghabhann leis

Is é atá i gCoinbhinsiún Barcelona agus na seacht bPrótacal a ghabhann leis, Prótacail arna nglacadh faoi chuimsiú Phlean Gníomhaíochta na Meánmhara[1], an Príomh-Chomhaontú Comhshaoil Iltaobhach maidir leis an Meánmhuir, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, agus is é is aidhm dó muirthimpeallacht agus comhshaol cósta na Meánmhara a chosaint. Tháinig Coinbhinsiún Barcelona i bhfeidhm in 1978 agus leasaíodh é in 1995. Tháinig na leasuithe ar Choinbhinsiún Barcelona i bhfeidhm in 2004.

Is é is aidhm don Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh (‘Prótacal LBS’) truailliú na Meánmhara trí dhumpáil fuíll agus ábhair eile a chosc, a laghdú agus a dhíothú i gcásanna inar féidir.

Is é is aidhm don Phrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch (an ‘Prótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht’) éagsúlacht bhitheolaíoch na Meánmhara a chosaint trí Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta a bhunú agus a bhainistiú, agus trí speicis a chosaint agus a chaomhnú.

Is páirtí é an tAontas Eorpach i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, lena n-áirítear Prótacal LBS[2] agus an Prótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht[3]. An Iodáil, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an tSlóivéin, Málta, an Chipir agus an Chróit, is páirtithe iad freisin sa Choinbhinsiún agus sna Prótacail a ghabhann leis, iad sin agus 13 thír na Meánmhara nach Ballstáit den Aontas iad.

### 2.2. Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Le Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis (‘Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha’), tugtar le chéile na hAirí agus na hoifigigh shinsearacha a dhéanann ionadaíocht ar na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún

---

1 Glacadh an Coinbhinsiún maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú (Coinbhinsiún Barcelona) an 16 Feabhra 1976 agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Feabhra 1978. Leasaíodh an Coinbhinsiún leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara an 10 Meitheamh 1995. Tháinig an Coinbhinsiún leasaithe i bhfeidhm an 9 Iúil 2004; https://wedocs.unep.org/bitstream/handle/20.500.11822/31970/bcp2019_web_eng.pdf

2 Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle, IO L 322, 14.12.1999, lgh. 18-31.

3 Cinneadh 1999/800/CE ón gComhairle, IO L 322, 14.12.1999, lch. 1.

Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis. Tiocfaidh na Páirtithe Conarthacha le chéile in Portoroz na Slóivéine idir an 4 Nollaig agus an 8 Nollaig 2023.

Is é Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha an comhlacht cinnteoireachta is airde sa Choinbhinsiún agus bíonn sé ar siúl uair amháin gach 2 bhliain. Is iad na Páirtithe Conarthacha sna cruinnithe leathbhliantúla sin, a ndéanann a n-aireachtaí inniúla ionadaíocht orthu, a chinneann na beartais ábhartha, na straitéisí, an buiséad agus an clár oibre.

De réir Airteagal 25 de Choinbhinsiún Barcelona, feidhmeoidh an tAontas Eorpach a cheart vótála agus beidh líon vótaí aige atá cothrom le líon a chuid Ballstát atá ina bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún seo agus i gceann amháin, ar a laghad, de na Prótacail a ghabhann leis. Ní fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála nuair a fheidhmeoidh a Bhallstáit a gceart vótála féin, ná ní fheidhmeoidh na Ballstáit a gceart vótála nuair a fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála féin.

De réir Airteagal 15, mír 1, de Phrótacal LBS, is le tromlach dhá thrian de na Páirtithe Conarthacha atá i láthair agus atá ag vótáil a dhéanfar cinntí maidir le pleananna gníomhaíochta, cláir agus bearta a ghlacadh.

De réir Airteagal 23(2) de Choinbhinsiún Barcelona, is le vóta tromlaigh trí cheathrú de na Páirtithe Conarthacha san ionstraim atá i láthair ag Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha a ghlacfar leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus ar aon Phrótacal.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag an 23ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Le linn an 23ú cruinniú Aireachta a bheidh ar siúl ón 4 Nollaig go dtí an 8 Nollaig 2023, na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, glacfaidh siad na gníomhartha seo a leanas (‘na gníomhartha atá beartaithe’):

– Tograí chun trí Phlean Réigiúnacha a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 de Phrótacal LBS: (1) an Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, (2) an Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus (3) an Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh;

– Togra chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht a leasú.

Is é is aidhm do na Pleananna Réigiúnacha atá beartaithe truailliú na Meánmhara mar thoradh ar bhainistíocht neamh-inbhuanaithe talmhaíochta, dobharshaothraithe agus uisce stoirme a laghdú agus a chosc. Déantar foráil le Prótacal LBS go nglacfaidh an Coinbhinsiún Pleananna Gníomhaíochta réigiúnacha chun truailliú ó fhoinsí agus gníomhaíochtaí ar talamh a chosc. Nuair a ghlacfar na Pleananna, beidh a mbearta agus a gcláir ama ceangailteach ó thaobh dlí de, i gcomhréir le hAirteagal 15, mír 3 de Phrótacal LBS.

Is é is cuspóir don leasú ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht, naoi speiceas loingeánacha a chur san áireamh: sé speiceas in Iarscríbhinn II (liosta speiceas atá i mbaol nó faoi bhagairt) agus trí speiceas in Iarscríbhinn III (liosta speiceas a bhfuil a saothrú á rialú). Na leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal, gabhfaidh éifeacht leo do na Páirtithe Conarthacha uile sa Phrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht ar dhul in éag do thréimhse arna cinneadh ag na Páirtithe Conarthacha agus an leasú á ghlacadh acu, i gcomhréir le hAirteagal 23 de Choinbhinsiún Barcelona agus Airteagal 14(1) den Phrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

(1) A mhéid a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Bhainistíocht Talmhaíochta:

I gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go háirithe SDG 2, SDG 6 agus SDG 14[4], Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac[5] agus Coinbhinsiún Stócólm maidir le Cosaint ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha[6], ceanglaítear leis an bPlean Réigiúnach go mbunófar creat rialála (faoi 2028), agus go gcuirfear bearta chun feidhme (faoi 2030) d'fhonn ionchur truailleán agus fuíll eile a laghdú, agus rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe.

An Plean Réigiúnach atá beartaithe, tá sé i gcomhréir go hiomlán le huaillmhian an Aontais faoin gComhaontú Glas, go háirithe a Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[7] agus a Straitéis Bhithéagsúlachta[8], arb é is aidhm dóibh truailliú a laghdú agus feirmeoireacht íseal-ionchuir a spreagadh. Bheadh an seasamh atá beartaithe i gcomhréir freisin le beartais níos leithne an Aontais maidir le cosaint cháilíocht na ndobharlach san Aontas, na muirthimpeallachta agus an chomhshaoil chósta ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh, chomh maith le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí agus laghdú caillteanas cothaitheach.

Dá bhrí sin, moltar don Aontas tacú le glacadh an Phlean Réigiúnaigh atá beartaithe maidir le Bainistíocht Talmhaíochta.

(2) A mhéid a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Bhainistíocht Dobharshaothraithe:

I gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ó na Náisiúin Aontaithe, agus le treoirlínte domhanda agus réigiúnacha, agus tionscnaimh a bhaineann le forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe[9], ceanglaítear leis an bPlean Réigiúnach atá beartaithe go mbunófar creat rialála (faoi 2027) lena leagfar amach na dálaí oibríochtúla le haghaidh saoráidí dobharshaothraithe, agus lena ndéanfar foráil maidir le bearta a chur chun feidhme chun truailliú ó ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe a íoslaghdú (faoi 2028/2030), chun dobharshaothrú atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn (faoi 2027) agus chun giniúint dramhaíola plaistí ó dhobharshaothrú a rialú (faoi 2028).

[4] SDG2: 'Díothú an ocrais, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach agus talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn'; SDG 6: 'Rochtain ar uisce agus ar shláintíocht a áirithiú do gach duine'; SDG 14: 'Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe', Arna ghlacadh ag an 70ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, 'I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

[5] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac sna tíortha ina bhfuil triomach mór agus/nó gaineamhlú, go háirithe san Afraic, arna bhunú in 1994, UNCCD_Convention_ENG_0_0.pdf

[6] Coinbhinsiún Stócólm (UNEP) maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (TOM), a glacadh an 22 Bealtaine 2001, a tháinig i bhfeidhm an 17 Bealtaine 2004, agus a athbhreithníodh go deireanach in 2019. https://chm.pops.int.

[7] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, COM(2020) 381 final.

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 'An dúlra a thabhairt ar ais inár saol', COM(2020) 380 final.

[9] Tá Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) ag forbairt treoirlínte maidir le Talmhaíocht Inbhuanaithe a fhormhuineofar in 2024, agus i mí na Bealtaine 2021 ghlac an Coimisiún Eorpach Treoirlínte Straitéiseacha maidir le dobharshaothrú san Aontas atá níos inbhuanaithe agus iomaíche le linn na tréimhse ó 2021 go 2030, COM(2021)236 final.

Ós rud é go bhfuil an Plean Réigiúnach atá beartaithe i gcomhréir go hiomlán le huaillmhian an Aontais faoin gComhaontú Glas agus faoi Straitéisí[10] agus Treoirlínte gaolmhara, go háirithe Treoirlínte Straitéiseacha ón gCoimisiún maidir le dobharshaothrú san Aontas atá níos inbhuanaithe agus iomaíche le linn na tréimhse ó 2021 go 2030[11] chun feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil an dobharshaothraithe agus chun truailliú plaisteach a laghdú, agus ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir go hiomlán freisin le beartas comhshaoil maidir le dea-cháilíocht uiscí mara agus uiscí cósta an Aontais a áirithiú, moltar go dtacaíonn an tAontas le glacadh an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, moltar don Aontas tacú le glacadh an Phlean Réigiúnaigh atá beartaithe maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe.

(3) A mhéid a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach um Bhainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh:

I gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ó na Náisiúin Aontaithe, ceanglaítear leis an bPlean Réigiúnach atá beartaithe go mbunófar creat rialála (faoi 2028) chun an méid uisce stoirme a ritheann chun srutha agus buaicshreabhadh a laghdú, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe truaillithe gaolmhara ó bhainistíocht uisce stoirme uirbigh. Déantar foráil léi freisin maidir le pleananna um bhainistíocht uisce stoirme a chur chun feidhme (faoi 2030) bunaithe ar bhearta rialaithe is infheidhme a roghnú, chomh maith le cothabháil shéasúrach córas bailithe uisce stoirme a chur chun feidhme (faoi 2028) chun a bhfeidhmiú éifeachtúil a áirithiú.

Tá an Plean Réigiúnach atá beartaithe i gcomhréir go hiomlán le beartais an Aontais maidir le cosaint cháilíocht na ndobharlach san Aontas, na muirthimpeallachta agus an chomhshaoil chósta ar thruailliú ó fhoinsí ar talamh, chomh maith le bainistíocht chuí fhuíolluisce uirbeach.

Dá bhrí sin, moltar don Aontas tacú le glacadh an Phlean Réigiúnaigh atá beartaithe maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh.

(4) A mhéid a bhaineann leis na leasuithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht:

De réir na measúnuithe a rinneadh ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú Speicis (IUCS)[12], na speicis loingeánacha a bhfuil sé beartaithe iad a áireamh in Iarscríbhinn II ('speiceas atá i mbaol nó faoi bhagairt') agus Iarscríbhinn III (speiceas a bhfuil a saothrú á rialú) faoi seach, tá siad i mbaol (criticiúil), leochaileach nó i ngar do bheith faoi bhagairt. Dá bhrí sin, an moladh maidir leis na speicis agus an bunúdar ina leith a áireamh, tá sé i gcomhréir le Cinneadh IG.17/14 maidir leis na Critéir Choiteanna i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht a mholadh[13].

Na leasuithe atá beartaithe, tá siad i gcomhréir go hiomlán le huaillmhianta an Aontais faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh, chomh maith lena ghealltanais idirnáisiúnta chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú i gcreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis mBithéagsúlacht (CBD). Tá sé i gcomhréir freisin leis an gcur chuige

[10] Go háirithe le Straitéis an Aontais Eorpaigh 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' (COM(2020)381 final), agus le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais (COM(2020)380 final).

[11] COM(2021)236 final.

[12] Liosta Dearg na Speiceas faoi Bhagairt de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra, arna bhunú in 1964, www.iucnredlist.org

[13] Critéir Choiteanna maidir le leasuithe a mholadh ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir, arna ghlacadh ag COP15, Coinbhinsiún Barcelona, UNEP(DEPI)/MED IG.17/10 Iarscríbhinn V

atá glactha ag an Aontas i mbeartas iascaigh an Aontais maidir le hacmhainní iascaigh agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, rud a chuireann le Moltaí ó chomhlachtaí réigiúnacha.

Dá bhrí sin, moltar don Aontas tacú leis na leasuithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht.

Tá gá le seasamh ón Aontas chun na gníomhartha atá beartaithe a ghlacadh mar gheall ar éifeachtaí na ngníomhartha sin, éifeachtaí atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. An bunús dlí atá leis an nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[14].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is é atá i gCruinniú na bPáirtithe Conarthacha comhlacht arna chur ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Barcelona.

Na gníomhartha a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe Conarthacha a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Na gníomhartha atá beartaithe, beidh siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Phrótacal LBS a mhéid a bhaineann leis na Pleananna Réigiúnacha atá beartaithe, agus Airteagal 29 de Choinbhinsiún Barcelona a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na ngníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

[14] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2023/0357 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara ('Coinbhinsiún Barcelona') a mhéid a bhaineann le Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí ar Talamh, agus a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Barcelona' anseo feasta)[15].

(2) Thug an tAontas an Prótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh ('Prótacal LBS') i gcrích le Cinneadh 1999/801/CE[16] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(3) Thug an tAontas an Prótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir ('an Prótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht') i gcrích le Cinneadh 1999/800/CE[17] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Nollaig 1999.

(4) De bhun Airteagal 15 de Phrótacal LBS, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis pleananna gníomhaíochta réigiúnacha a ghlacadh ina mbeidh bearta agus tráthchláir le haghaidh chur chun feidhme na mbeart.

(5) De bhun Airteagal 18 de Choinbhinsiún Barcelona, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha leasuithe ar na Prótacail a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona a ghlacadh. De bhun Airteagal 23 de Choinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis i gcomhar le hAirteagal 14(1) den Phrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht, gabhfaidh éifeacht le leasú ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an

15 Cinneadh 77/585/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1977 lenar tugadh i gcrích an Coinbhinsiún chun an Mheánmhuir a chosaint ar thruailliú agus an Prótacal maidir le truailliú na Meánmhara trí dhumpáil ó longa agus aerárthaí a chosc, IO L 240, 19.9.1977, lch. 1.

16 IO L 322, 14.12.1999, lgh. 18–31.

17 IO L 322, 14.12.1999, lch. 1.

bPrótacal do na Páirtithe Conarthacha uile sa Phrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht ar dhul in éag do thréimhse arna cinneadh ag na Páirtithe Conarthacha agus an leasú á ghlacadh acu, ach amháin na Páirtithe Conarthacha sin a thug fógra i scríbhinn don Taiscí inar thug siad le fios nach féidir leo an leasú sin a fhormheas.

(6) Le linn an 23ú seisiún/cruinniú de Chruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, a bheidh ar siúl ón 4 Nollaig go dtí an 8 Nollaig 2023, táthar chun trí Phlean Réigiúnacha nua a ghlacadh faoin bPrótacal LBS (Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta, Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe, agus Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh), chomh maith le togra chun Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht a leasú chun naoi speiceas loingeánacha a chur san áireamh: cúig speiceas in Iarscríbhinn II (liosta speiceas atá i mbaol nó faoi bhagairt) agus ceithre speiceas in Iarscríbhinn III (liosta speiceas a bhfuil a saothrú á rialú).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a leagan síos i gCruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis maidir le glacadh na dtograí sin, mar go mbeidh na Pleananna Réigiúnacha ina gceangal ar an Aontas de réir Airteagal 15, mír 3, den Phrótacal LBS, agus na leasuithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht, beidh siad ina gceangal ar an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 29 de Choinbhinsiún Barcelona.

(8) Ós rud é go bhfuil na Pleananna Réigiúnacha atá beartaithe i gcomhréir le huaillmhian agus beartais an Aontais maidir le truailliú ó fhoinsí talmhaíochta agus dobharshaothraithe, agus ó uisce stoirme uirbeach a laghdú, chomh maith le feabhas a chur ar chosaint na muirthimpeallachta agus an chomhshaoil chósta, moltar go dtacaíonn an tAontas le glacadh na bPleananna Réigiúnacha atá beartaithe.

(9) Ós rud é go bhfuil na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht i gcomhréir le huaillmhian an Aontais faoin gComhaontú Glas, agus go háirithe Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh, chomh maith le dlí an Aontais maidir le hacmhainní iascaigh agus éiceachórais mhuirí a chosaint, moltar go dtacaíonn an tAontas le glacadh na leasuithe atá beartaithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 23ú seisiún/cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis ná tacú leis na Cinntí seo a leanas, faoi chuimsiú Airteagal 15 den Phrótacal LBS:

(a) Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Talmhaíochta a ghlacadh;

(b) Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Dobharshaothraithe a ghlacadh;

(c) Plean Réigiúnach maidir le Bainistíocht Uisce Stoirme Uirbigh a ghlacadh.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 23ú seisiún/cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis ná tacú leis na nithe seo a leanas:

(a) na speicis loingeánacha seo a leanas a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht:

– *Aetomylaeus bovinus* (Geoffroy St. Hilaire, 1817);

– *Alopias superciliosus* (Lowe, 1841);

– *Bathytoshia lata* (Garman, 1880);

– *Dasyatis pastinaca* (Linnaeus, 1758);

– *Rhinoptera marginata* (Geoffroy St. Hilaire, 1817); agus

(b) na speicis loingeánacha seo a leanas a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le LCS agus maidir le Bithéagsúlacht:

– *Dasyatis marmorata* (Steindachner, 1892);

– *Hexanchus griseus* (Bonnaterre, 1788);

– *Pteroplatytrygon violacea* (Bonaparte, 1832);

– *Myliobatis aquila* (Linnaeus, 1758).

*Airteagal 3*

Féadfar mionathruithe ar na seasaimh sin a aontú trí chomhar ar an láthair, agus sula ndéanfar aon chinneadh ag an 23ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*